# Cuntas Leithreasa 2024

# Vóta 36

# Cosaint

## Tús

Mar an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa maidir leis an Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, tá an cuntas atá i gceangal ullmhaithe agam ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin; ar phá agus ar chostais Óglaigh na hÉireann; agus ar íocaíocht deontas áirithe.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a thug Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Tá barrachas €8.967 milliún a d'fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 20 de 2024, agus na hathchóirithe tuairiscithe airgeadais a tugadh isteach i gciorclán 23 de 2023, cuireadh i bhfeidhm iad, seachas an méid a leanas, agus an cuntas á ullmhú.

Mar chuid den aistriú chuig CGAS, fuair an Roinn maoluithe i leith CGAS 17: Réadmhaoin, Fearas, agus Trealamh.

Níor aithníodh míreanna áirithe maoine, gléasra agus trealaimh de réir CGAS 17:14 mar a leagtar amach thíos. I gcásanna ina ndéantar eisceachtaí maidir le ceanglais eile CGAS 17 mar thoradh air sin, cuirtear iad sin in iúl freisin.

Níor tugadh aitheantas do shócmhainní maoine a chuimsíonn tailte agus foirgnimh sna ráitis airgeadais. Liostaítear na sócmhainní maoine sin in aguisín A den chuntas leithreasa.

Ní thugtar aitheantas do chaiteachas ar bhreiseanna ar fhoirgnimh sa chás go bhfuil an obair críochnaithe agus an foirgneamh ar fáil lena úsáid. Déantar an caiteachas sin, a taifeadadh ar dtús i sócmhainní caipitil atá á bhforbairt, a dhí-aithint tráth a chríochnaítear é cé go bhfuil súil ag an Roinn go bhfaighidh sí poitéinseal seirbhíse as amach anseo agus nár tharla aon diúscairt de réir CGAS 17:82 (féach nóta 2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt).

Déantar páirteanna breise suntasacha a chomhlíonann na ceanglais maidir le haitheantas mar mhaoin, gléasra agus trealamh a thaifeadadh i bhfardal go dtí go gcuirtear in úsáid iad. I gcás ina bhfuil saolréanna ionchais éagsúla ag na comhpháirteanna sin i gcomparáid leis an mbunsócmhainn, ní dhéantar iad a dhímheas de réir CGAS 17:59 agus ní dhéantar iad a dhí-aithint de réir CGAS 17:82 nuair a dhéantar iad a athsholáthar.

Ní aithnítear cigireachtaí móra ar aerárthaí agus ar longa, ar coinníoll iad chun leanúint d'oibriú thar thréimhse blianta, mar shócmhainn. Ní dhéantar iad a dhímheas de réir CGAS 17:59 ach déantar iad a láimhseáil mar chostas sa bhliain ina dtabhaítear iad.

Leanann an Roinn de bheith ag taifeadadh breiseanna le sócmhainní caipitil nach gcomhlíonann na ceanglais aitheanta, toisc gur lú an costas faoi leith ná €10,000.

***Tomhas fardail***

Sanntar costa fardal mhíleata le modh an mheánchostais ualaithe. Sanntar costa fhardail na Cosanta Sibhialta leis an modh is túisce isteach, is túisce amach (FIFO).

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara do phríomhaicmí maoine, gléasra agus trealaimh.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré Ionchais* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Trealamh míleata | 5-30 bliain | 3% - 20% |
| Trealamh Cosanta Sibhialta | 5-10 mbliana | 10% - 20% |
| Troscán oifige agus Trealamh TF | 3-10 mbliana | 10 - 33% |
| Ceadúnais bogearraí | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí faighte / bogearraí forbartha | 5-10 mbliana | 10% - 20% |

## Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar an tOifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas rialaithe airgeadais inmheánach éifeachtach a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar an tArd-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt, agus ní dearbhráthaíocht, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí a leithéid a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach í cothabháil an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá na freagrachtaí atá orm comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le leibhéal comhfhreagrach cuntasachta.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal mar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Tá gnáthaimh fhoirmeálta curtha ar bun maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann, le Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh na bhfreagrachtaí atá orm as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach.
- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú don lucht bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta don lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann agus go ndéantar buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú leanúnach é.
- Go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Tá córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail i bhfeidhm.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Tá feidhmeannas iniúchta inmheánaigh ag an Roinn a fheidhmíonn de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam, agus go bhfuil oiliúint chuí curtha ar phearsanra an fheidhmeannais sin. Feidhmíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go neamhspleách agus bunaítear a chuid oibre ar anailís ar neamhchosaint na Roinne ar rioscaí airgeadais agus bunaítear a phleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agamsa, ar an anailís sin. Is é is aidhm do na pleananna sin go gcumhdófar príomhrialuithe ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú rialta ar an bhfeidhmeannas iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear de réir thuairiscí an fheidhmeannais iniúchta inmheánaigh.

***Cúrsaí Soláthair***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Tá tuairisceán maidir le 84 conradh neamhiomaíoch curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***Neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair***

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás cúig chonradh arbh fhiú iad agus os cionn €25,000 (gan CBL), arb ionann iad agus €303,855 san iomlán (gan CBL) mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain €59,343 le híocaíochtaí le soláthraí amháin i gcás nach raibh conradh foirmiúil i bhfeidhm mar gheall ar shocrú láraithe dul i léig
- Bhain €244,512 le híocaíochtaí le ceithre sholáthraí i gcásanna nár ceadaíodh an mhodheolaíocht soláthair a roghnaíodh i gcomhréir leis na nósanna imeachta comhaontaithe.

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar gach ceann de na cúig sholáthar seo, agus tá céimeanna á dtabhairt chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha soláthair ábhartha a luaithe is féidir.

Tá na conarthaí thuasluaite curtha san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

***Creatlach riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá siad sin sainaitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar chlár riosca na Roinne gach ráithe. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe sin bonn faisnéise faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní d’fhonn a chinntiú go ndéantar na rioscaí a mhaolú go leibhéal inghlactha. Aon rioscaí inar mhéadaigh an scór riosca go suntasach sna míonna idir eatarthu, cuirtear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta iad.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl dóibh siúd a bhfuil de fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí, in am is i dtráth. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha agus gur cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna maidir leis an rialú inmheánach airgeadais***

*Athbhreithniú ar scéimeanna saoire*

Le linn 2024, rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne athbhreithniú ar chineálacha éagsúla saoire (saoire bhliantúil, saoire bhreoiteachta, saoire speisialta, etc.) atá ar fáil d'oifigigh an Bhuanfhórsa Cosanta. Leag an t-athbhreithniú sin béim ar laigí rialaithe forleathana i bhfeidhmiú na scéimeanna sin, le treoirlínte oibríochtúla laga agus go leor cásanna míchruinnis, agus thug sé le fios ró-íocaíochtaí i roinnt cásanna sonracha ó 2018 ar aghaidh arb ionann iad agus €515,379, lena n-áirítear €115,041 in 2024. Bhí 29 moladh sa tuarascáil iniúchta atá á gcur i bhfeidhm anois ag an Roinn agus ag Óglaigh na hÉireann.

*Socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim*

Tháinig an Roinn ar shocrú leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith an tsochair comhchineáil a bhain le táillí reachtúla ospidéil phoiblí do chleithiúnaithe comhaltaí liostáilte de chuid an Bhuanfhórsa Cosanta don tréimhse idir Eanáir 2021 agus Meitheamh 2024. Is é €355,270 an tsuim iomlán a íocadh (lena n-áirítear ús €38,101 agus pionóis €95,786). Tá próiseas aisíocaíochta lán-dheimhnithe i bhfeidhm anois a chinntíonn go gcomhlíontar go hiomlán na hoibleagáidí comhlíonta cánach go léir is infheidhme.

Níor aithníodh aon laigí eile sa rialú airgeadais inmheánach i leith na bliana 2024 a gceanglaítear iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Jacqui McCrum**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Cosanta

19 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 36 Cosaint
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaint don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Cosaint agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Ró-íocaíochtaí a bhaineann le teidlíochtaí saoire***

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go ndearna Iniúchóireacht Inmheánach na Roinne athbhreithniú ar na rialuithe a bhaineann le deonú cineálacha éagsúla saoire atá ar fáil d'oifigigh an na mBuan-Óglach. Sainaithníodh san athbhreithniú laigí rialaithe agus míchruinnis agus fuarthas amach go raibh ró-íocaíochtaí i roinnt cásanna arbh ionann iad agus €515,000 ó 2018 go 2024. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil moltaí an athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm.

***Socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim***

Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil socrú aontaithe ag an Roinn leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le táillí reachtúla ospidéil phoiblí do chleithiúnaithe chomhaltaí liostáilte na mBuan-Óglach. Áiríodh leis an íocaíocht €355,000 a rinneadh in 2024 ús €38,000 agus pionóis díreach faoi bhun €100,000. Tá próiseas aisíocaíochta deimhnithe curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear le hoibleagáidí cánach ábhartha.

***Foráil maidir le costais dlíthíochta díobhála pearsanta***

Tugtar le fios i Nóta 2.9 a ghabhann leis an gcuntas, go ndearnadh soláthar €3 mhilliún an 31 Nollaig 2024, maidir le dliteanais a mheastar a eascróidh as cásanna dlíthíochta díobhála pearsanta, ina líomhnaítear gur nochtadh pearsanra an Aerchóir do cheimiceáin thocsaineacha san ionad oibre.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 36 Cosaint

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Beartas agus tacaíocht chosanta, cumais mhíleata agus aschuir oibríochtúla | 932,698 | 931,907 | 906,394 |
| **Ollchaiteachas** | | **932,698** | **931,907** | **906,394** |
| *Asbainte* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **24,525** | **32,701** | **34,027** |
| **Glanchaiteachas** | | **908,173** | **899,206** | **872,367** |

**Barrachas**

Tá an barrachas, i.e. an tsuim a soláthraíodh os cionn na glansuime, dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Áirítear leis an bhfigiúr do 2024 barrachas A in A (fáltais) de €8.176 milliún, a chaithfear a thabhairt suas de réir rialacha cuntasaíochta an Rialtais.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le tabhairt suas** [a] | **8,967,069** | **18,088,265** |

**Jacqui McCrum**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Cosanta

31 Márta 2025

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais Clár | | 893,682 | 871,998 |
| Riarachán – pá | | 27,952 | 24,128 |
| Riarachán - neamhphá | | 10,273 | 10,268 |
| **Ollchaiteachas** | | **931,907** | **906,394** |
| *Asbainte* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **32,701** | **34,027** |
| **Glanchaiteachas** | | **899,206** | **872,367** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (124,977) | | |
| Dímheas | 71,996 | | |
| Airgead ó dhiúscairtí | 95 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 5,021 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (18) | | |
| Amúchadh | 1,520 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 82 | | |
| ***Sócmhainní atá á bhforbairt (nóta 2.3)*** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | (42,970) | | |
| | | (89,251) | (84,072) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhardal | 4,977 | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (1,925) | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 1,026 | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 26,001 | | |
| Méadú ar fhorálacha (nóta 2.9) | 3,000 | | |
| Laghdú ar ioncam iarchurtha | (2) | | |
| | | 33,077 | 11,101 |
| **Caiteachas díreach** | | **843,032** | **799,396** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 17,563 | | |
| Cíosanna barúlacha | 1,339 | | |
| | | 18,902 | 18,213 |
| **Glanchostas clár** | | **861,934** | **817,609** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 36 a iompraíodh in áit eile, glan ó chaiteachas a tabhaíodh i leith vótaí eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | (535) | (496) |
| Vóta 2 | Roinn an Taoisigh | (96) | (89) |
| Vóta 9 | hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 33 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 17,081 | 17,140 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,454 | 604 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 870 | 880 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 89 | 81 |
| Vóta 35 | Arm-Phinsin | (2,115) | (1,927) |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 674 | 508 |
| Ciste Lárnach – pinsin aireachta | | 141 | 140 |
| | | **17,563** | **16,874** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 744,641 | 739,914 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 3,070 | 4,654 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.3 | 17,749 | 27,919 |
| | | **765,460** | **772,487** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 16,622 | 15,583 |
| Fardail | 2.5 | 250,691 | 255,668 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 182,136 | 136,342 |
| Ioncam fabhraithe | 2.7 | 2,673 | 3,699 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.8 | 1,723 | 846 |
| | | **453,845** | **412,138** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Soláthar | 2.9 | 3,000 | — |
| Costais fhabhraithe | 2.10 | 36,341 | 9,609 |
| Ioncam Iarchurtha | 2.11 | 45 | 47 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.12 | 14,300 | 13,019 |
| Glanchistiú ón Státchiste | 2.13 | 4,045 | 3,410 |
| | | **57,731** | **26,085** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **396,114** | **386,053** |
| **Glansócmhainní** | | **1,161,574** | **1,158,540** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.14 | **1,161,574** | **1,158,540** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a,b]

| | Trealamh míleata | Trealamh Cosanta Sibhialta | Troscán oifige agus Trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2024 | 1,587,293 | 4,815 | 25,262 | 1,617,370 |
| Breiseanna | 79,053 | 230 | 2,556 | 81,839 |
| Diúscairtí | (72,375) | (135) | (459) | (72,969) |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 1,593,971 | 4,910 | 27,359 | 1,626,240 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2024 | 852,288 | 3,242 | 21,926 | 877,456 |
| Dímheas don bhliain | 69,424 | 303 | 2,269 | 71,996 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (67,352) | (100) | (401) | (67,853) |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 854,360 | 3,445 | 23,794 | 881,599 |
| **Glansócmhainní** | | | | |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2024** | **739,611** | **1,465** | **3,565** | **744,641** |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2023 | 735,005 | 1,573 | 3,336 | 739,914 |

Nóta [a] Riarann an Roinn Cosanta sealúchais talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag go leor áiteanna ar fud na tíre, ar meascán iad d'áiseanna míleata oibríochtúla, tailte oiliúna, ceathrúna do lucht pósta agus maoin eile, mar atá leagtha amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh.

[b] Níl sócmhainní bitheolaíocha ar capaill iad san áireamh faoi mhaoin, gléasra agus trealamh.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh |
|---|---|
| | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2024 | 27,081 |
| Breiseanna | 18 |
| Diúscairtí | (212) |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 26,887 |
| **Amúchadh carntha** | |
| Amhail ar an 1 Eanáir 2024 | 22,427 |
| Amúchadh | 1,520 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (130) |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 23,817 |
| **Glansócmhainní** | |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2024** | **3,070** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 4,654 |

## 2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

| | Conarthaí tógála €000 |
|---|---|
| Méideanna a tugadh anall an 1 Eanáir 2024 | 27,919 |
| Íocaíochtaí le hairgead tirim sa bhliain | 42,970 |
| Tionscadail críochnaithe [a] | (53,140) |
| Méideanna a tugadh anall an 31 Nollaig 2024 | **17,749** |

Nóta [a] De réir mar a chuirtear tionscadail chun tailte agus foirgnimh a fhorbairt i gcrích, baintear iad de na sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach n-áirítear tailte agus foirgnimh i sócmhainní maoine, gléasra agus trealaimh.

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta | 14,379 | 13,215 |
| Iarmhéideanna cuntais eile [a] | 2,243 | 2,368 |
| | **16,622** | **15,583** |

Nóta [a] Tá 13 chuntas bainc eile ann atá á mbainistiú ag pearsanra Óglaigh na hÉireann chun an córas béilí ócáideacha a riaradh i mbeairicí. Ní eisítear aon mhaoiniú ón Vóta chuig na cuntais bhainc sin. B'ionann an comhiomlán méid a bhí ar taisce ag deireadh 2024 agus €26,491 (2023: €42,523). Ní áirítear an t-iarmhéid sin sa mhéid a léirítear thuas.

## 2.5 Fardail

| amhail an 31 Nollaig | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Fardail mhíleata [a] | 249,612 | 254,822 |
| Cosaint Shibhialta | 1,079 | 846 |
| | **250,691** | **255,668** |

Nóta [a] B'ionann na díscríobhanna agus fardal míleata atá as feidhm sa bhliain agus €6.045 milliún.

## 2.6 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aerárthaí iompair míleata | 57,505 | 42,356 |
| Aerárthaí aeraistrithe straitéisigh | 30,750 | — |
| Raidiónna bogearraí-shainithe | 30,425 | 30,425 |
| Ingearáin mhíleata áirgiúlachta éadroime | 25,000 | — |
| Feithicil taiscéalaíochta meánmhéide (MRV) | 6,474 | 6,474 |
| Armúr coirp seirbhíse ginearálta | 4,920 | — |
| Clár um chothabháil agus uasghrádú flít iompróirí armúrtha pearsanra | 4,344 | 3,863 |
| Cothabháil agus oiliúint aerárthaí | 1,747 | 2,709 |
| Árthaí patróil cladaigh | — | 34,238 |
| Eile | 20,971 | 16,277 |
| | **182,136** | **136,342** |

## 2.7 Ioncam Fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Maoiniú trúpaí/trealamh dlite ó mhisin thar lear | 2,300 | 3,400 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | 373 | 299 |
| | **2,673** | **3,699** |

## 2.8 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Párolla | 1,035 | 9 |
| Óinchistí | 448 | 637 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 132 | 82 |
| Scéim an Phas Taistil | 30 | 25 |
| Fionraí eile | 78 | 93 |
| | **1,723** | **846** |

## 2.9 Soláthar

| Amhail an 31 Nollaig | 2024 |
|---|---|
| | €000 |
| Cásanna ceimiceacha an Aerchóir | 3,000 |
| Iomlán | **3,000** |
| Arna Léiriú ag: | |
| Reatha | 3,000 |
| Neamh-reatha | — |
| Iomlán | **3,000** |

Gluaiseacht i soláthair

| | Cásanna ceimiceacha an Aerchóir | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Iarmhéid tosaigh** | — | — |
| Soláthar breise déanta | 3,000 | 3,000 |
| Méideanna a úsáideadh | — | — |
| Suimeanna neamhúsáidte a aisiompaíodh | — | — |
| Leachtú lascaine | — | — |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **3,000** | **3,000** |

Nóta [a] Tagraíonn an soláthar seo do chás dlíthíochta díobhála pearsanta i leith líomhain maidir le teacht faoi cheimiceáin thocsaineacha san Aerchór.

## 2.10 Costais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú cláir – reatha | 10,879 | 2,407 |
| Fabhrú cláir – caipiteal | 3,157 | 7,052 |
| Costais riaracháin | 685 | 150 |
| Fabhrú a bhaineann le párolla | 21,620 | — |
| | **36,341** | **9,609** |

## 2.11 Ioncam iarchurtha

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ioncam cíosa | 45 | 47 |
| | **45** | **47** |

## 2.12 Iarmhéideanna eile sochair

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 799 | 12 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | 885 | 4 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 594 | 532 |
| Cáin bhreisluacha | 11,304 | 11,483 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 165 | 8 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 140 | 2 |
| Cáin ar chonarthaí ábhartha | 19 | 191 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 4 | — |
| | 13,910 | 12,232 |
| Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 147 | 5 |
| Míreanna eile sochair atá á gcoinneáil ar fionraí | 243 | 782 |
| | **14,300** | **13,019** |

## 2.13 Glanchistiú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 8,967 | 18,088 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,922) | (14,678) |
| **Glanchistiú ón Státchiste** | **4,045** | **3,410** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 16,622 | 15,583 |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | 1,723 | 846 |
| | 18,345 | 16,429 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (13,910) | (12,232) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (390) | (787) |
| | (14,300) | (13,019) |
| | **4,045** | **3,410** |

## 2.14 Cuntas cistithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 1,158,540 | 1,099,311 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 908,173 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (8,967) | | |
| Glanvóta | | | 899,206 | 872,367 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 17,563 | 16,874 |
| Sócmhainní caipitil a bhí á bhforbairt críochnaithe sa bhliain | 2.3 | | (53,140) | (13,742) |
| Caiteachas neamhairgid tirim – cíosanna barúlacha | 1 | | 1,339 | 1,339 |
| Glanchostas clár | 1 | | (861,934) | (817,609) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **1,161,574** | **1,158,540** |

## 2.15 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe de réir dlí** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 7,626 | 5,236 |
| Tionscadail chaipitil | 231,965 | 161,944 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe de réir dlí** | **239,591** | **167,180** |

**b) Mórthionscadail chaipitil inar mó luach an tionscadail ná €20 milliún**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail, 2024 | Caiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail, 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí pearsanra armúrtha | 92,647 | 593 | 4,889 | 98,129 | 98,129 |
| Feithiclí iompair trúpaí | 23,386 | 13 | 1,201 | 24,600 | 24,600 |
| Aerárthaí iompair míleata | 42,356 | 15,149 | 15,149 | 72,654 | 72,654 |
| Árthaí patróil cladaigh | 34,238 | 3,026 | 104 | 37,368 | 36,843 |
| Raidiónna bogearraí-shainithe | 30,425 | 4,508 | 42,050 | 76,983 | 76,983 |
| Ingearáin mhíleata áirgiúlachta éadroime (H145M) | — | 25,000 | 87,800 | 112,800 | — |
| Aerárthaí aeraistrithe straitéisigh | — | 30,750 | 34,250 | 65,000 | — |
| Armúr coirp seirbhíse ginearálta (IMBAS) | — | 4,920 | 15,990 | 20,910 | — |
| | **223,052** | **83,959** | **201,433** | **508,444** | **309,209** |

## 2.16 Léasanna oibriúcháin

| **a) Léasanna oibriúcháin (léasóirí)** | **2024**<br>**€000** |
|---|---|
| Ioncam léasa oibriúcháin don bhliain | 159 |

| amhail an 31 Nollaig | **2024**<br>**€000** |
|---|---|
| Seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána a bheith infhaighte faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe amach anseo | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 13 |
| Idir 1 agus 5 bliana | — |
| Níos déanaí ná 5 bliana | — |
| Iomlán na n-infháltas léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe | 13 |

| **b) Léasanna oibriúcháin (léasaí)** | **2024**<br>**€000** |
|---|---|
| Costas léasa oibriúcháin don bhliain | 114 |

| amhail an 31 Nollaig | **2024**<br>**€000** |
|---|---|
| Seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána a bheith le híoc faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe amach anseo | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 101 |
| Idir 1 agus 5 bliana | 158 |
| Níos déanaí ná 5 bliana | — |
| Iomlán na gceangaltas léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe | 259 |

## 2.17 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | **2024**<br>**€000** | **2023**<br>**€000** |
